





# Scéim Bóthair an N15 - Castaí Corcam

## Comhairliúchán Poiblí Uimh. 2 | An Rogha is Dealraithí a Roghnófar

7 Nollaig go dtí an 22 Nollaig 2023

Comhairle Contae Dhún na nGall
Donegal County Council

Donegal NRO
Oifig Bóithre Náisiúnta Dhún na nGall


An Roinn Iompair
Department of Transport

ROD
ROUGHAN & O'DONOVAN

## Cuspóir an Tionscadail

Tosaíonn Scéim Bóthair an N15 - Castaí Corcam ar an taobh thoir de Shrath an Urláir agus leanann sí tuairim is 1.5km soir mar a léirítear sa léarscáil thíos.

Tá an píosa seo den phríomhlíonra náisiúnta go mór faoi bhun an chaighdeáin do Bhóthar Náisiúnta. Is sainghné d'ailíniú cothrománach faoi bhun chaighdeán an bhóthair an tsraith de chastaí géara agus feiceálacht laghdaithe chun tosaigh amach romhat, agus tá an tras-ghearradh cúng agus imill theoranta ar thaobhanna an bhóthair agus níl aon soláthar ann do choisithe ná do rothaithe. Tá timpeallacht ghuaiseach cruthaithe ag na diallais seo ó chaighdeáin agus is fianaise air sin an taifead tuairteanna don chuid sin den bhóthar, atá os cionn an mheáin agus os cionn na spriocanna atá leagtha amach sa Straitéis um Shábháilteacht ar Bhóithre. Sa timpeallacht bhóthair ní mholtar do dhaoine dul ag siúl nó ag rothaíocht, agus cuirtear na daoine sin a roghnaíonn dul ag siúl nó ag rothaíocht i dtimpeallacht ardriosca.




Tá Comhairle Chontae Dhún na nGall, in éineacht le hInnealtóirí Comhairliúcháin Roughan & O'Donovan atá ceaptha ina gcomhairleoirí teicniúla, ag tabhairt Chéim 2- Fochéim Roghnaithe Roghanna de Scéim Bóthair an N15- Castaí Corcam chun críche faoi láthair.

## Céimeanna an Tionscadail

**Planning and Design**

| Phase | Stage |
|---|---|
| Phase 0 | Scope and Pre-appraisal |
| Phase 1 | Concept and Feasibility |
| Phase 2 | Options Selection — **Current Stage** |
| Phase 3 | Design and Environmental Evaluation |
| Phase 4 | Statutory Processes |

**Construct / Implement**


| Phase | Stage |
|---|---|
| Phase 5 | Enabling and Procurement |
| Phase 6 | Construction and Implementation |
| Phase 7 | Close out and Review |

## Comhairliúchán Poiblí Uimh. 2, An Rogha is Dealraithí a Roghnófar

Tar éis an chéad chomhairliúcháin phoiblí ar an tionscadal a reáchtáladh i mí Aibreán na bliana seo maidir le Srianta agus Roghanna, is éard is cuspóir Chomhairliúchán Poiblí Uimh.2 agus na bileoige eolais ná eolas a chur ar fáil don phobal agus do pháirtithe leasmhara faoi Scéim Bóthair an N15- Castaí Corcam agus aighneachtaí a lorg maidir leis an Rogha is Dealraithí a Roghnófar atá anois á breithniú.

Tar éis an Staidéir ar Shrianta agus tar éis Fhochéim 1- Measúnú Roghanna (liosta fada de roghanna), nuair a aithníodh trí Rogha Déan Ní Éigin agus an rogha Déan an Méid is Lú, agus an t-aiseolas le linn an chéad chomhairliúcháin phoiblí á bhreithniú, tá Fochéim 2 - Measúnú Roghanna ina ndearnadh Anailís Ilchritéar (MCA) anois curtha i gcrích. Tá an Anailís Ilchritéar seo curtha i gcrích i gcomhréir le Treoirlínte Breithmheasa an Chreata Breithmheasa Iompair d'Infheistíochtaí Caipitil sa Chóras Iompair a d'fhoilsigh an Roinn Iompair, a úsáidtear chun na roghanna is fearr maidir le roghanna na scéime a fháil amach trí thagairt a dhéanamh do thacar soiléir critéar agus aidhmeanna, mar atá leagtha amach thíos.

- Buntáistí an Úsáideora Iompair agus Tionchair Eacnamaíochta Eile
- Tionchair Rochtana
- Tionchair Shóisialta
- Tionchair Úsáide Talún
- Tionchair Shábháilteachta
- Tionchair an Athraithe Aeráide
- Tionchair an Chomhshaoil Áitiúil


An Roinn Iompair
Department of Transport

Transport Appraisal Framework

Appraisal Guidelines for Capital Investments in Transport

Module 1 – Introduction

Strategic Research and Analysis Division
SRA@transport.gov.ie
June 2023

## Do Chuid Aiseolais

Tá Foireann an Tionscadail ag tabhairt cuireadh duit anois tuairimí a thabhairt faoin Rogha is Dealraithí a Roghnófar. Cuideoidh do thuairimí le Comhairle Chontae Dhún na nGall agus le Foireann an Tionscadail an Staidéar ar Roghanna a thabhairt chun críche, agus chun an Bealach is Dealraithí a dheimhniú, agus eolas a dhéanamh d'fhorbairt dearaidh Scéim Bóthair an N15 - Castaí Corcam.

Is féidir aighneachtaí a chur isteach trí litir a scríobh nó trí ríomhphost a sheoladh chuig na seoltaí thíos:

Scéim Bóthair an N15- Castaí Corcam
Oifig na mBóithre Náisiúnta,
Comhairle Chontae Dhún na nGall,
Baile Dhún na nGall
F95 DK6C
SAORPHOST,
FDGL28

Design@dnrdo.ie

**Cuir d'aighneacht isteach faoi Dé hAoine an 22 Nollaig 2023.**

Beidh ócáid comhairliúcháin phoiblí ar siúl Déardaoin an 7 Nollaig 2023 ón 2pm go dtí 7pm in Óstán Kees i Srath an Urláir, áit a mbeidh daoine ó Fhoireann an Tionscadail ar fáil chun aon ghné den Tionscadal a phlé.

## Na chéad chéimeanna eile

Déanfaidh Foireann an Tionscadail gach aighneacht a fuair siad le linn an dara comhairliúchán poiblí a athbhreithniú agus a mheas sna míonna atá amach romhainn mar fhreagra ar Fhochéim 2 - Measúnú Roghanna, sula dtabharfar an Bealach is Dealraithí chun críche.

Nuair a bheidh an Staidéar ar Roghnú Roghanna críochnaithe agus nuair a dheimhneofar an rogha is dealraithí, cuirfear an Tionscadal ar aghaidh chuig Céim 3: Dearadh agus Measúnú Comhshaoil. Ag an fhochéim seo, déanfaidh an Fhoireann Deartha an saothar dearthóireachta a fhorbairt tuilleadh, lena mbainfidh suirbhéireacht agus measúnuithe breise ar ghnéithe comhshaoil agus teicniúla, a bheidh á dtabhairt i gcrích i gcomhar le húinéirí talún agus príomhpháirtithe leasmhara atá thíos leis. Tiocfaidh de thoradh críochnúil ar an phróiseas sin na hOrduithe Reachtúla a fhoilsiú chomh maith leis na Tuarascálacha Comhshaoil i gcomhréir leis an reachtaíocht a bhaineann leis na próisis maidir le Forbraíocht a cheadú.

